

Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht

2027 – 2032



PLÉDHOICIMÉAD

Réamhrá

Tá eolas cúla le fáil sa phlédhoiciméad seo don chéad Phlean Gníomhaíochta eile um Bithéagsúlacht Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (DLR) 2026-2031. Cuireann sé leis an obair a cuireadh i gcrích faoin bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht 2021-2025 atá i bhfeidhm i láthair na huaire.

Tá bhuir dtuairimí maidir leis na príomhcheisteanna a bhfuil tionchar acu ar an dúlra agus ar an bhfiadhúlra in bhuir gceantar féin á lorg againn. Cabhróidh an t-aiseolas a chuireann sibh ar fáil linn chun cinneadh a dhéanamh faoin cad ba cheart a bheith mar aidhm ag an bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht as seo go ceann cúig bliana.

Tá ról ag gach duine chomh fada is a bhaineann le dul i ngleic le caillteanas bithéagsúlachta agus athchóiriú an dúlra. Tá sé tábhachtach go ndéanaimis go léir ar an ról atá againn. In éineacht lena chéile, is féidir linn difríocht dhearfach a dhéanamh ar mhaithe lenár bhfiadhúlra, ár bpobail agus na glúnta amach anseo.

Céard is Bithéagsúlacht ann?

Seans maith ann go bhfuil an focal *bithéagsúlacht* cloiste agat, ach céard a chiallaíonn sé? I mbeagán focal, ciallaíonn an bithéagsúlacht an éagsúlacht rudaí beo atá ina gcónaí ar Domhan. Tá éagsúlacht an dúlra, ár ngnáthóg, na bplandaí agus na n-ainmhithe san áireamh (muid féin freisin). Is cuid den nádúr sinn agus tá dlúthbhaint idir gach rud sa nádúr. Samhlaigh gurb ionann na speicis agus na gnáthóga éagsúla ar fad ar an bpláinéad agus snáitheanna in eangach, agus dá mhéad snáitheanna atá fite fuaite ina chéile, is ea is láidre an eangach. Dá láidre an eangach, is amhlaidh is fearr is féidir leis an dúlra rudaí a chur ar fáil dúinn agus cabhrú linn dul i ngleic le contúirtí ar nós an athraithe aeráide.

Tá timpeallacht nádúrtha shláintiúil agus éagsúil in ann déileáil níos fearr le dúshlán cosúil leis an athrú aeráide, an truailliú agus an adhamsir. Cruthaíonn a leithéid go leor buntáistí freisin a mbíonn daoine ag brath orthu go laethúil. Braitheann aer glan, uisce glan, bia agus timpeallacht shláintiúil ar an dúlra.

Nuair a imíonn speiceas nó nuair a dhéantar damáiste do ghnáthóg, is féidir leis tionchar a imirt ar go leor plandaí agus ainmhithe eile. D'fhéadfadh na héifeachtaí sin scaipeadh ar fud an chórais nádúrtha ar fad. Mar shampla, cabhraíonn feithidí áirithe chun barra agus plandaí fiáine a phailniú. Má thagann laghdú ar líon na bhfeithidí sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag a leithéid ar tháirgeadh bia agus d'fhéadfadh líon na mbláthanna fiáine laghdú. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin freisin ar éin, mamaigh agus fiadhúlra eile a bhraitheann ar na plandaí sin mar fhoinsé bia agus foscaidh.

Is fianaise é an méid sin go bhfuil gach gné den dúlra nasctha lena chéile. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag athrú ar speiceas nó gnáthóg amháin ar go leor speiceas agus gnáthóg eile.

Nuair a dhéanann ár gcuid gníomhaíochtaí damáiste do ghnáthóga nó nuair a laghdaíonn siad an fiadhúlra, déantar dochar don dúlra. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag a leithéid ar dhaoine freisin, lena n-áirítear costais níos airde, tionchair sláinte agus caighdeán beatha níos ísle. Uaireanta, tarlaíonn na hathruithe sin go mall, agus seans gurb iad na glúnta amach anseo a bheidh ag déileáil leis na héifeachtaí is suntasaí. Sampla amháin is ea an t-athrú aeráide. Cheana féin, tá níos mó tuilte, triomacha, stoirmeacha agus imeachtaí adhamsire ag tarlú a mbíonn tionchar acu ar dhaoine agus ar an dúlra araon.





Bagairtí don Bhithéagsúlacht

Tá rátaí díothaithe ag méadú agus tá breis is 25% de speicis i mbaol díothaithe anois. Ar leibhéal áitiúil agus domhanda, tá go leor bagairtí don bhithéagsúlacht ann. I measc cuid de na bagairtí is suntasaí chomh fada is a bhaineann le plandaí, ainmhithe agus fungais, tá:

- Caillteanas agus díghrádú gnáthóige
- An tAthrú Aeráide
- Truailliú
- Suaitheadh
- Róshaothrú
- Plóid bitheolaíocha ó speicis ionracha

Beidh iarracht ollmhór ag teastáil chun srian a chur leis an damáiste a dhéanfaidh na bagairtí seo, ach is cinnte gur mór is fiú iarracht a dhéanamh de bhrí go bhfuilimid ar fad ag brath ar an mbithéagsúlacht chun rudaí cosúil le bia, éadaí agus cógais a chur ar fáil dúinn, chun tacú leis an rialú aeráide agus le haghaidh go leor gnéithe eile den saol laethúil.

Mar chontae uirbeach atá suite i gceantar réasúnta beag, bíonn go leor brú ar acmhainní DLR. Tá an caillteanas bithéagsúlachta i gcónaí ag meabhrú dúinn nach mór dúinn níos mó oibre fós a dhéanamh chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a athchóiriú nuair is féidir, ar fud an chontae. Ciallaíonn sé freisin go mbeidh níos mó tábhachta ná riamh ag baint lenár gceantair bhithéagsúlachta agus ár ngnáthóga beaga chun cabhrú leis an gcontae chun gnáthóga a choinneáil, a chosaint, a athchóiriú nó a chruthú, lena n-áirítear fála sceach, gnáthóga bogaigh beaga, láithreáin phailneora agus freisin chun ceantair bhithéagsúlachta bheaga a chruthú inár ngairdíní.

Gan an bhithéagsúlacht ní bheadh aer glan, uisce glan ná timpeallachtaí sláintiúla againn chun cónaí iontu agus chun taitneamh a bhaint as ár saol. Tá na bearnaí inár dtírdhreacha crua á líonadh go ciúin ag an mbithéagsúlacht. Tríd an dúlra a chothú is féidir linn a chinntiú go leanfaidh an dúlra ar aghaidh ag tacú linn.

Céard is Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht ann?

Is é aidhm Phlean Gníomhaíochta nua um Bithéagsúlacht Chontae (PGBC) DLR cur chuige struchtúrtha a chur ar fáil chun bithéagsúlacht a bhainistiú ar leibhéal údaráis áitiúil agus leanúint ar aghaidh leis an obair a rinneadh mar chuid den Phlean a bhí in úsáid roimhe seo (Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae 2021- 2025). I mbeagán focal, is liosta praiticiúil "le déanamh" atá ann chun tacú leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht. Is éard a bheidh ann ná liosta gníomhaíochtaí a bheidh á gcur chun feidhme ag an ÚA thar thréimhse 5 bliana an Phlean agus beifear ag brath ar mhaoiniú agus ar acmhainní chun na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme.





Tá ról tábhachtach ag údaráis áitiúla san iarracht dul i ngleic le caillteanas na bithéagsúlachta agus go háirithe i gceantair uirbeacha cosúil le DLR, áit a bhfuil talamhúsáid agus spás faoi bhrú mór. Cuireann Pleananna Forbartha Contae agus Pleananna Forbartha Áitiúla cosaint reachtúil ar fáil dár Limistéir Oidhreacht Nádúrtha molta, Fálta Sceach an Chontae, Láithreáin Bithéagsúlachta lena mbaineann Tábhacht Áitiúil, agus Gnáthóga agus Speicis de chuid larscríbhinn AE. Tacaíonn an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht chun na beartais sin a chur i bhfeidhm ar an talamh.

Tá tuilleadh tacaíochta le fáil ón bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, ina dtugtar aitheantas don ról tábhachtach atá ag údaráis áitiúla i gcaomhnú na bithéagsúlachta trí bheartas agus ceanglaítear go bhfuil cuspóirí PGCB ailínithe agus comhtháite mar chuid de phleananna talamhúsáide reachtúla.

Ar an leibhéal réigiúnach, tá DLR ag feidhmiú mar chomhpháirtí i mBithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath agus ag comhoibriú le comhpháirtithe i ndáil le maireachtáil inbhuanaithe sa bhithsféar, agus caomhnú agus taighde ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht.

Chomh maith leis sin, beidh léargas le fáil sa Phlean um Bithéagsúlacht nua ar chur chuige comhordaithe le haghaidh DLR chun cur ar a chumas oibriú le pobail áitiúla, gníomhaireachtaí stáit, ENRanna, institiúidí oideachais agus úinéirí talún chun iarracht a dhéanamh an bhithéagsúlacht a athchóiriú agus dul i ngleic le caillteanas na bithéagsúlachta. Ar an leibhéal áitiúil, tá pobail ag leanúint ar aghaidh ag obair ar a bpleananna bithéagsúlachta áitiúla féin arb é an aidhm atá leo léargas a thabhairt ar ár bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae agus ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht.

Tá Meitheal Bithéagsúlachta de chuid Fhóram Oidhreacht DLR bunaithe chun comhoibriú leis an Oifigeach Bithéagsúlachta chun díriú ar an gcúram seo. Ag feidhmiú mar ghrúpa comhairleach neamhreachtúil, cuirfidh sé eolas ar fáil maidir le hullmhú, cur chun feidhme agus meastóireacht an Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht. Féach ar na gníomhaíochtaí a bhí san áireamh sa phlean roimhe seo i [bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht 2021-2025](#) nó scan an cód MF:



Cód MF do Phlean Bithéagsúlachta
2021-2025

Bithéagsúlacht ár gContae

Cósta agus Muirí

An raibh a fhios agat go bhfuil sceireacha coiréil fuaruisce le fáil inár n-uisce muirí.

Cosúil le coiréil uisce the, tá cnámharlach crua álainn acu agus tá ar a gcumas struchtúir choiréil ollmhóra a chruthú a mbíonn go leor ainmhithe ag brath orthu. Murab ionann agus na sceireacha coiréil uisce the, a dteastaíonn solas na gréine uathu chun bia a dhéanamh agus chun fás, ní theastaíonn solas na gréine ó sceireacha fuaruisce chun bia a chruthú, rud a chiallaíonn go mbíonn siad le fáil ar leibhéil i bhfad níos doimhne san fharraige. De bhrí nach mbíonn solas na gréine ag scaladh ann, bíonn an t-uisce fuar. Maireann sceireacha fuaruisce trí phlanctón agus cáithníní beaga bídeacha bia a sháinniú san uisce, agus d'fhéadfadh siad tamall fada a chaitheamh ag fás. Le fáil inár sceireacha fuaruisce amach ó chósta DLR tá crosóga mara, crosóga briosc, cuáin mhara agus algaí dearga screamhacha.



Tá na suirbhéanna bithéagsúlachta atá déanta againn ar na sceireacha idirthaoideacha agus fuaraisce roinnte againn leis an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra agus le Roinn na Mara freisin.

Bíonn mamaigh mhuirí cosúil leis an muc mhara, rón beag agus rón glas le feiceáil thart ar Oileán Dheilginse agus ar chuan Dhún Laoghaire. Taifeadadh deilfeanna bolgshrónacha agus deilfeanna coiteanna, dromeitigh bheaga, dromeitigh agus cránacha dubha inár n-uiscí muirí amach ónár gcósta. Is iad na trí speiceas a bhíonn le feiceáil inár n-uiscí muirí go rialta ná an mhuc mhara, an rón glas agus an deilf bholgshrónach.

Beathaíonn éanlaithe mara iad féin inár n-uiscí muirí lena n-áirítear ár speicis chosanta gheabhróige ar Oileán Dheilginse agus éin eile cosúil leis an foitheach mór, an gainéad, an fhoracha agus neart éan eile nach iad.

Tá roinnt gnáthóg spéisiúil le fáil ar Oileán Dheilginse lena n-áirítear féarthailte cósta, lomáin charraige, féarthailte fliucha, raithneach thiubh, aillte cósta, cladaí creagacha, criosanna idirthaoimheara agus báite. Cuireann na gnáthoga sin ar fad le carachtar fiáin agus iargúlta na n-oileán a mbaineann gach duine taitneamh as. Tá roinnt plandaí neamhchoitianta taifeadta ar na féarthailte ar na hoileáin le blianta beaga anuas. Is ceantar tábhachtach é Oileán Dheilginse dár n-éanlaithe mara cosanta freisin, go háirithe geabhróga, ach d'éin gheimhridh freisin, cadhain ina measc.

Glactar le riasc Bhaile an Bhóthair mar cheann de na haon ghnáthoga réisc ghoirt atá le fáil sa chontae. Is ceantar tábhachtach sealgaireachta agus fara atá ann le haghaidh go leor éan geimhridh agus uisce, lena n-áirítear an bhreacóg, an ghlúineach dhearg, an roilleach, an cadhan agus an guilbneach earrdhubh. Taifeadadh breis is míle guilbneach earrdhubh i riasc Bhaile an Bhóthair nuair a bhí ár suirbhéanna ar éin gheimhridh á ndéanamh. Is é riasc Bhaile an Bhóthair ár láithreán is suntasaí chomh fada is a bhaineann leis na speicis éin sin. I láthair na huaire, is í an bhagairt is mó do riasc Bhaile an Bhóthair, speiceas ionrach atá á chóireáil againn faoi láthair agus tá súil againn go n-éireoidh linn an speiceas ionrach áirithe sin a bhainistiú sula nglacann sé seilbh ar an riasc.

Coillearnacha Dúchasacha

Tá trí choillearnach dhúchasacha fós le fáil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin (DLR) atá fíorthábhachtach don bhithéagsúlacht, don fhiadhúlra agus do na gnáthoga a dtacaíonn siad leo. Glactar leis na coillearnacha sin mar chuid de na láithreáin is luachmhaire ó thaobh cúrsaí éiceolaíochta de sa chontae agus tá siad ainmnithe mar Limistéir Oidhreachtá Nádúrtha mholta (LONmanna).

Tá forbairt uirbeach agus ceantair chónaithe le fáil mórthimpeall ar na trí choillearnach, rud a chiallaíonn go bhfuil siad an-leochaileach do bhrú daonna agus do thionchair an uirbithe. Gan bhainistíocht agus cosaint ghníomhach, leanfaidh na gnáthoga tábhachtacha sin ar aghaidh ag meath. Tá suirbhé déanta ag éiceolaí coillearnaí speisialta ar gach coillearnach, agus tá Plean Bainistíochta Coillearnaí uileghabhálach forbartha do gach láithreán. Sna pleananna sin leagtar amach raon gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm acu sláinte éiceolaíoch na gcoillearnach a fheabhsú.



Beidh béim ar leith á leagan ar iarrachtaí athchóirithe amach anseo faoi Dhlí Athchóirithe Dúlra an Aontais agus Plean Náisiúnta na hÉireann um Athchóiriú an Dúlra 2026. Trí bhearta spriocdhírithe caomhaontais agus athchóirithe, tá sé mar aidhm ag DLR na sócmhainní nádúrtha sin nach féidir a fháil ar ais a chosaint agus a chinntiú go dtacaíonn siad leis an mbithéagsúlacht ar mhaithe leis na glúnta amach anseo.



Ár Líonra Éiceolaíoch DLR

Tá go leor gnáthóg agus speiceas eile ann, lena n-áirítear iad siúd atá tábhachtach agus cosanta, le fáil ar fud an chontae. Tá gnáthóga agus speicis áirithe scoilte óna chéile agus ina n-aonar, agus chuige sin, mapáladh Líonra Éiceolaíoch DLR sa phlean bithéagsúlachta roimhe seo chun léargas a thabhairt ar an áit ina bhfuil nascacht gnáthóg agus speiceas faoi láthair agus chun aird a tharraingt ar na ceantair inar féidir linn níos mó a dhéanamh chun tuilleadh nascachta a chur ar fáil inár bpáirceanna, spásanna glasa agus trí bheith ag obair lenár mbaill foirne agus pobail. Lena chois sin, trí Líonra Éiceolaíoch DLR a chur san áireamh i bpleanáil, beartais agus tionscadail, is féidir a chinntiú go gcuirtear conairí fiadhúlra san áireamh inár bhforbairt phleanála agus sa leibhéal méadaithe uirbithe atá le tabhairt faoi deara. Áirítear sa líonra sin ár gconairí fiadhúlra, ceantair thábhachtacha agus chosanta, láithreáin phailneora, páirceanna agus spásanna glasa, fála scean, crannteorainneacha, aibhneacha agus sruthanna.



[Faigh tuilleadh eolais maidir lenár ngnáthóga agus speicis DLR](#) nó scan an cód MF.

Cód MF na Bileoige maidir le
Gnáthóga agus Speicis


Ról Oifigeach Bithéagsúlachta DLR

Tá ról lárnach ag Oifigeach Bithéagsúlachta DLR chomh fada is a bhaineann leis an mbithéagsúlacht ar fud an chontae a chosaint, a athchóiriú agus a chur chun cinn. Tá Oifigeach Bithéagsúlachta DLR páirteach i gClár Oidhreachta an Údaráis Áitiúil ar a dtugtar Ceangal. I measc na ndaoine eile atá páirteach in Ceangal tá Oifigigh Oidhreachta, Oifigigh Bithéagsúlachta, Cartlannaithe agus Oifigigh Chaomhantais Ailtreachta atá ag obair in Údaráis Áitiúla trasna na tíre.

Príomhfhreagrachtaí

- 1. Pleananna Bithéagsúlachta a Fhorbairt agus a Chur Chun Feidhme:** Príomhfhreagracht de chuid Oifigeach Bithéagsúlachta DLR is ea forbairt Phleananna Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht DLR a threorú, lena n-áirítear Plean 2026-2031. Seachadadh gníomhaíochtaí bithéagsúlachta a chomhordú in éineacht le ranna comhairle, grúpaí pobail, gnóthaí, cónaitheoirí agus eagraíochtaí comhpháirtíochta. A chinntiú go leantar ar aghaidh le gníomhaíochtaí bithéagsúlachta leanúnacha a bhain leis an bplean bithéagsúlachta roimhe sin, lena n-áirítear bainistíocht gnáthóg, suirbhéanna éiceolaíocha, tionscnaimh phailneora agus cláir feasachta poiblí. Bhí 65 gníomhaíocht luaite sa phlean bithéagsúlachta roimhe seo, agus astu sin, tá 40 gníomh athfhillteacha agus beifear ag díriú orthu arís sa chéad phlean eile.
- 2. Caomhnú agus Athchóiriú Bithéagsúlachta:** Bíonn oifigeach bithéagsúlachta DLR ag obair le héiceolaithe speisialta freisin, chun gnáthóga, speicis agus éiceachórais ar fud an chontae a athchóiriú agus a chosaint, agus baineann siad tairbhe as ionchur ó chomhpháirtithe agus pobail freisin. Bíonn pleananna agus tionscadail fhadtéarmacha bainistíochta gnáthóg le cur chun feidhme freisin i gceantair atá tábhachtach don bithéagsúlacht cosúil le Coill Chnoc Iníon Léinín, Coill Mhic Shíomóin, Oileán Dheilgínse agus An Fhothair, agus a bhaineann le speicis thábhachtacha cosúil leis an iora rua, agus cabhraítear freisin le cuspóirí náisiúnta ginearálta a bhaineann le hathchóiriú dúlra
- 3. Taighde ar Speicis agus ar Ghnáthóga:** Cuid thábhachtach d'obair an oifigigh bithéagsúlachta ná fianaise eolaíochta a bhailiú chun cinntí caomhantais agus bainistíochta a threorú. Áirítear leis sin suirbhéanna éiceolaíocha ar ghnáthóga agus ar speicis ar fud an chontae a bhainistiú, lena n-áirítear speicis chosanta cosúil leis an ialtóg, an madra uisce agus an cruídín, agus gnáthóga cosanta lena n-áirítear coillearnacha, bogaigh agus fraochmhánna. San áireamh sa ról freisin tá sonraí éiceolaíocha a thiomsú, mapáil bithéagsúlachta a dhéanamh agus comhoibriú le hinstiúidí taighde chun dlús a chur le heolas bithéagsúlachta agus le hiarrachtaí caomhantais.
- 4. Speicis Ionracha i gCeantair Bithéagsúlachta Íogaire a Bhainistiú:** Gné lárnach de ról an oifigigh bithéagsúlachta é Plean Gníomhaíochta um Speicis Ionracha Chontae DLR a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Cóireáil agus bainistiú speiceas ionrach a chomhordú i gceantair bithéagsúlachta íogaire, mar shampla, cóireáil na speiceas seo a leanas; Feabhrán Capaill in Abhantrach Abhainn Charraig Mhaighin, Glúineach Bhiorach i nGleann Bhaile Maine, Spairtíní i Riasc Bhaile an Bhóthair agus Minceanna in An Dothra. A bheith ag obair le húdarais áitiúla chomharsanacha agus le gníomhaireachtaí náisiúnta ar thionscadail réigiúnacha a bhaineann le speicis ionracha cosúil leis an staidéar Féidearthachta ar bhainistiú an iora ghlais ar leibhéal tírdhreacha.

5. **Tacú le Pailneoirí agus Bainistíocht Talún atá oiriúnach don Dúlra:** Is gné thábhachtach de ról an Oifigigh Bithéagsúlachta é tacú le tionscadail phailneoirí in éineacht le baill foirne agus pobail áitiúla, obair a chuireann le sprioc ghinearálta phlean pailneora PUÉP. Ón mbliain 2020 ar aghaidh, d'fhorbair agus bhainistigh an tOifigeach Bithéagsúlachta an clár áitiúil bainte síolta dúchasacha agus é mar aidhm gnáthóga móinéir a bhí ann cheana a athchóiriú agus gnáthóga nua a chruthú. San áireamh sa ról freisin tá maoirseacht a dhéanamh ar thionscnaimh bhainistíochta talún dúlrbhunaithe le foireann Páirceanna, lena n-áirítear tionscadail éici-innilte trí úsáid a bhaint as póirthe eallach neamhchoitianta agus Seanghabhair Éireannacha.
6. **Comhoibriú agus Rannpháirtíocht leis an bPobal:** Oibríonn Oifigeach Bithéagsúlachta DLR le heagraíochtaí éagsúla lena n-áirítear: An Chomhairle Oidhreacht, An Taisce, Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath, Ollscoileanna, SPNF, Coillte, Cumann Sheanghabhair na hÉireann, Bithéagsúlacht i Scoileanna, LRP, Grúpaí Pobail agus cónaitheoirí áitiúla. Ag déanamh tuiscint an phobail ar an mbithéagsúlacht a chur chun cinn trí imeachtaí, tionscadail taighde agus feachtais feasachta. Gach bliain eagraítear imeachtaí bithéagsúlachta míosúla don phobal agus eagraítear cúrsaí oiliúna agus ceardlanna eile dár mbaill foirne. Fógraítear eolas maidir le himeachtaí trí na meáin shóisialta, ar an suíomh gréasáin agus trí imeachtaí DLR.
7. **Straitéisí agus Pleananna Comhshaoil Ginearálta a Sheachadadh:** Cabhraíonn an tOifigeach Bithéagsúlachta le cur chun feidhme gníomhaíochtaí bithéagsúlachta thar raon straitéisí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Ina measc tá Straitéis Chaomhantais agus Taighde Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath, Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide DLR, Plean Bainistíochta Falscaithe Chill Iníon Léinín agus Chnoc an Róistigh, an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht, an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí agus an Dréachtphlean Náisiúnta um Athchóiriú an Dúlra atá le foilsiú go luath. Cuireann an tOifigeach Bithéagsúlachta saineolas agus ionchur bithéagsúlachta ar fáil freisin do phleananna beartais agus doiciméid straitéiseacha DLR, an Plean Forbartha Contae san áireamh.



Figiúr 1 Léaráid dár líonra éiceolaíoch

CÁS-STADÉAR

Athchóiriú Bithéagsúlachta Choill Mhic Shíomóin



Is Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta (LONm) é Coill Mhic Shíomóin agus ceann den líon beag coillearnach dhúchasach thábhachtach atá fágtha sa chontae. Baineann suntas leis an gcoillearnach sin freisin mar gheall ar an daonra speiceas cosanta atá le fáil inti, lena n-áirítear mamaigh, éin agus amfaibiaigh cosúil leis an Earc Luachra (*Lissotriton vulgaris*).

Agus aitheantas á thabhairt do luach éiceolaíoch na háite, i bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht DLR 2021-2025, sainithníodh forbairt plean bainistíochta le haghaidh na ngnáthóg agus na speiceas i gCoill Mhic Shíomóin mar ghníomh tosaíochta. Éiceolaí coillearnaí a d'ullmhaigh an plean in 2024 agus le fáil ann tá roinnt moltaí atá á gcur chun feidhme anois.

In 2025, le tacaíocht ó Phobail agus Páirceanna DLR, d'eagraíomar sraith ceardlann bailithe síolta crann chun léargas a thabhairt ar an tslí is féidir le cónaitheoirí agus le garraíodóirí áitiúla síolta ó speicis crann dúchasach a bhailiú go hinbhuanaithe. Spreagadh rannpháirtithe chun crann dúchasach amháin ar a laghad a fhás ó na síolta a bhailíomar, i bpota sa bhaile. Nuair a thosaíonn siad ag fás is féidir na crainn óga a thabhairt ar ais chuig an gcoillearnach, faoi threoir speisialtóir coillearnaí, chun cabhrú chun gnáthóg na coillearnaí dúchasaí a fheabhsú agus a threisiú.

Cuireadh tionscadal gaolmhar a raibh sé mar aidhm ag na linnte niút a athchóiriú agus coinneáil uisce a fheabhsú i gcrích in 2025 le cabhair ó speisialtóir amfaibiaigh a d'oibrigh i gcomhpháirt le Cumann Reiptíleolaíochta na hÉireann. Bhí an tionscadal á chómhaoiniú ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) tríd an gCiste Gníomhaíochta Áitiúil um Bithéagsúlacht (CGÁB) a cuireadh ar fáil d'údaráis áitiúla. Tá tús curtha anois le monatóireacht a dhéanamh ar na hoibreacha athchóirithe agus beidh ról tábhachtach aige maidir le measúnú a dhéanamh chun a fháil amach cibé acu an gcoinníonn nó nach gcoinníonn na linnte uisce i gcomhair tréimhsí níos faide agus chun rianú a dhéanamh ar aon athrú ar líon na niút le himeacht ama.

Is éard a bhí i gceist leis an athchóiriú a rinneadh ar na linnte ná fásra a bhí éirithe ródhlúth agus a raibh scáil á caitheamh aige ar na linnte a laghdú go cúramach. D'fhothn a chinntiú gur cuireadh an obair sin i gcrích ar bhealach íogair agus inbhuanaithe, bhain DLR tairbhe as tacaíocht a chuir Cumann Sheanghabhair na hÉireann (CSGÉ) ar fáil, ar chabhraigh a ghabhair agus a aoire gabhar a chuir an Cumann ar fáil chun an fásra i gceantair ar leith atá thart ar na linnte a bhainistiú. Bhí an innilt á rialú go cúramach trí úsáid a bhaint as coiléir CSD, fálú leictreach agus maoirseacht leanúnach a bheith á déanamh ag an aoire gabhar. Pleanáladh agus rinneadh monatóireacht ar an obair i gcomhairle le héiceolaithe agus leis an speisialtóir amfaibiaigh chun a chinntiú go raibh gnáthóga íogaire eile, lena n-áirítear an coillearnach mórthimpeall, á gcosaint.

I bhfianaise an dúshláin a bhain le hinnealra a thabhairt chomh fada leis an tír-raon, agus an fhéidearthacht go bhféadfadh idirghabhálacha meicniúla damáiste a dhéanamh do ghnáthóga agus fiadhúlra, ba ionann an innilt chaomhantais agus cur chuige bainistíochta ísealtionchair agus spriocdhírthe. Laghdaigh an modh sin an bealach a rabhtas ag cur isteach ar an éiceachóras coillearnaí trí chéile.

Coimisiúnaíodh speisialtóir ialtóg chun suirbhéanna ialtóg a dhéanamh i gCoill Mhic Shíomóin agus sa cheantar mórthimpeall in 2026 a chuirfidh níos mó eolais agus moltaí ar fáil maidir le gnáthóga i gCoill Mhic Shíomóin a bhainistiú. Táthar ag súil go rachaidh athchóiriú na linnte chun tairbhe ialtóg agus speiceas eile freisin, de bhrí gur dócha go méadóidh líon na n-inveirteabrach mar thoradh ar linnte agus ceantair fhliucha níos buaine, a chuirfidh leis an éagsúlacht gnáthóg agus bithéagsúlachta sa LONm sin freisin.



